Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15453/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0348 (CNS)**

**FISC 315**
**ECOFIN 1520**
**EPPO 13**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann le rochtain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ar fhaisnéis faoi cháin bhreisluacha ar leibhéal an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 685 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 685 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.11.2025
COM(2025) 685 final

2025/0348 (CNS)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann le rochtain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ar fhaisnéis faoi cháin bhreisluacha ar leibhéal an Aontais**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Bunaítear leis an togra seo rochtain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus rochtain na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ar shonraí Cánach Breisluacha (CBL) a mhalartaítear ar leibhéal an Aontais faoi Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle.[1]. Is é is cuspóir dó comhsheasmhacht a áirithiú idir Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[2] (dá ngairtear 'Rialachán OIPE' anseo feasta), Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013[3] (dá ngairtear 'Rialachán OLAF' anseo feasta) agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse CBL.

Leis an togra seo, tugtar aghaidh ar an bhfadhb phráinneach a bhaineann le calaois CBL laistigh den Chomhphobal a chomhrac. Go deimhin, measadh gur idir EUR 12,5 billiún agus EUR 32,8 billiún in aghaidh na bliana[4] a bhí sa chaillteanas CBL mar gheall ar chalaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh (MTIC)[5] in 2023. In 2023, bhraith Eurofisc idirbhearta calaoiseacha MTIC ar mhéid EUR 12,7 billiún, arb ionann é agus thart ar EUR 2,5 billiún i gcaillteanas CBL (agus ráta CBL 20 % á chur i bhfeidhm). I bhfianaise an mheastacháin stuama de EUR 12,5 billiún de chaillteanas CBL i ngeall ar chalaois MTIC, i gcomparáid leis an EUR 2,5 billiún a nocht Eurofisc, tugann sé le fios gur féidir leis na gníomhaithe a bhfuil baint acu leis an gcomhrac in aghaidh calaois CBL ar leibhéal an Aontais, amhail Eurofisc, OIPE agus OLAF, a bheith níos éifeachtaí chun an bhearna sin a dhúnadh. Is í an choireacht eagraithe is cúis le calaois CBL trasteorann den chuid is mó, agus tá líon beag líonraí freagrach as formhór mór na gcásanna. De réir Europol agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[6], tá thart ar 2 % de ghrúpaí coireachta eagraithe freagrach as suas le 80 % de chalaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh (MTIC), rud a ghineann caillteanais bhliantúla ioncaim CBL a mheastar a bheith cothrom le EUR 40-60 billiún. Dá bhrí sin, éilíonn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ina tuarascáil cur chuige

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha (IO L 268, 12.10.2010, lgh. 1-18)

[2] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lgh. 1–71)

[3] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1)

[4] Bearna CBL - An Coimisiún Eorpach

[5] Le cineál calaoise den sórt sin, baintear leas as an díolúine CBL ar sholáthairtí laistigh den Chomhphobal. Faigheann na Trádálaithe ar Iarraidh, mar a thugtar orthu, earraí gan cuntas a thabhairt ar CBL láithreach. Ba cheart aon CBL a ghearrtar ar na díolacháin intíre ina dhiaidh sin a dhearbhú agus a íoc le húdarás ioncaim an Bhallstáit. Mar sin féin, gearrann na Trádálaithe atá ar Iarraidh CBL ar cheannaitheoirí gan an luach a íoc leis na húdaráis chánach. I gcásanna níos casta de chalaois MTIC, ar a dtugtar calaois rothlach, faightear agus díoltar earraí trí shraith cuideachtaí sula ndíoltar arís i mBallstát eile iad. Is é an trádálaí atá ar iarraidh an chéad díoltóir sa slabhra intíre. An díoltóir deireanach a dhíolann na hearraí sin le duine inchánach eile i mBallstát eile, éilíonn agus faigheann an díoltóir sin aisíocaíocht íocaíochtaí CBL nár tharla riamh.

[6] Mír 93 *Tackling intra-Community VAT fraud: More action needed* [Calaois CBL laistigh den Chomhphobal a chomhrac: Teastaíonn tuilleadh gnímh]

coiteann ildisciplíneach chun aghaidh éifeachtach a thabhairt ar chalaois CBL laistigh den Chomhphobal[7].

De bhun Rialachán OIPE, tá OIPE inniúil chun cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 (dá ngairtear 'Treoir CLA' anseo feasta)[8] a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear calaois thromchúiseach trasteorann CBL lena mbaineann damáiste iomlán EUR 10 milliún ar a laghad. Tá gá le rochtain thapa agus éifeachtach ar fhaisnéis CBL chun imscrúduithe coiriúla a dhéanamh ar chalaois CBL trasteorann. Le haon mhoill ar anailís na faisnéise ábhartha, is féidir le calaoiseoirí fianaise nó sócmhainní a cheilt, agus éalú b'fhéidir, ó ionchúiseamh agus ó chiontú agus is lú an dóchúlacht freisin go n-aisghabhfar cistí. Áiritheofar leis na leasuithe gur féidir le OIPE rochtain a fháil go tapa ar fhaisnéis ábhartha CBL atá ar fáil ar leibhéal an Aontais.

Féadfaidh OIPE rochtain a fháil ar fhaisnéis a stóráiltear i mbunachair sonraí údarás forfheidhmithe dlí agus i gcláir údarás poiblí náisiúnta eile faoi na coinníollacha céanna leis na coinníollacha sin is infheidhme faoin dlí náisiúnta (Airteagal 43(1)), agus de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais (Airteagal 43(2)). Mar sin féin, ní áirítear tagairt shainráite do OIPE i Rialachán (AE) Uimh. 904/2010. Thairis sin, le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 bunaítear córais TF le haghaidh rochtain uathoibrithe ar fhaisnéis ábhartha 'a tharraingítear' ó bhunachair sonraí náisiúnta ach nach stóráiltear ar leibhéal an Aontais (e.g. Córas Malartaithe Faisnéise CBL — VIES), nó a stóráiltear ar leibhéal an Aontais ach atá fós inrochtana agus á tarchur ag údaráis náisiúnta (e.g. sonraí ón Lárchóras Leictreonach Faisnéise íocaíochta — CESOP). Níl an fhaisnéis sin ar fáil ach amháin do na húdaráis náisiúnta agus ní don Choimisiún. Ar deireadh, ós rud é go bhfuil sonraí pearsanta i sonraí CBL, ní mór foráil a dhéanamh sa dlí maidir le próiseáil agus rochtain ar shonraí CBL ar bhealach soiléir agus intuartha. Dá thoradh sin, ar bhealach díláraithe faoi láthair, tugtar rochtain do OIPE trí údaráis inniúla na mBallstát (Airteagal 43(1) de Rialachán OIPE). D'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh an mhódúlacht rochtana sin ar chumas OIPE a chuid imscrúduithe a dhéanamh leis an luas agus leis an éifeachtacht is gá.

De bhun Rialachán OLAF, tá OLAF inniúil chun calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chomhrac, lena n-áirítear ioncaim, caiteachais agus sócmhainní a chumhdaítear le buiséad an Aontais Eorpaigh. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais (C-105/14[9]) le leasanna airgeadais an Aontais, go n-áirítear freisin ioncam an Aontais a dhíorthaítear ó ráta aonfhoirmeach a chur i bhfeidhm maidir le boinn mheasúnaithe CBL chomhchuibhithe arna gcinneadh de réir rialacha an Aontais.

---

7 Tuarascáil speisialta 08/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa 'Calaois Chánach Breisluacha ar allmhairí – Níl cosaint leordhóthanach ag leasanna airgeadais an Aontais faoi nósanna imeachta simplithe custaim', Uimh. 24/2015 Moladh Uimh. 12.

8 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhithín an dlí choiriúil, (IO L 198, 28.7.2017, lgh. 29–41)

9 Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 8 Meán Fómhair 2015. Imeachtaí coiriúla i gcoinne Ivo Taricco agus Eile. Iarraidh ar réamhrialú ó Tribunale di Cuneo. Tarchur chun réamhrialú — Imeachtaí coiriúla maidir le cionta i ndáil le cáin bhreisluacha (CBL) — Airteagal 325 CFAE — Reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos dearbhthréimhsí teorann a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le saoirse ó phionós i leith cionta — Dochar féideartha do leas airgeadais an Aontais — Oibleagáid ar an gcúirt náisiúnta aon fhoráil den dlí náisiúnta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais a dhífheidhmiú. Cás C-105/14

Foráiltear le Rialachán OLAF go bhféadfaidh OLAF rochtain a bheith aige ar aon fhaisnéis agus sonraí ábhartha, gan beann ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte, atá i seilbh na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí, a bhfuil baint acu leis an ábhar atá faoi imscrúdú, i gcás inar gá chun a shuí cé acu a tharla nó nár tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. De bhun an Rialacháin chéanna, sula ndéanfar imscrúdú a oscailt, beidh ceart rochtana ag an OLAF ar aon fhaisnéis ábhartha a bheidh i mbunachair sonraí ag na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí nuair nach féidir déanamh dá uireasa chun bunús na líomhaintí a mheasúnú i bhfíorais. Ar deireadh, tarchuirfidh údaráis inniúla na mBallstát chuig OLAF gan mhoill, arna iarraidh sin dó nó ar a dtionscnamh féin, aon fhaisnéis, doiciméad nó sonraí eile a mheastar a bheith ábhartha agus a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

Ní dhéantar foráil go sainráite i Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le rochtain OLAF ar chórais TF a bhfuil faisnéis ábhartha CBL acu a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) 904/2010. Mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit deireadh a chur le bacainní dlí lena gcuirtear cosc ar mhalartú faisnéise idir údaráis riaracháin, bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus, go háirithe, thug sí dá haire gur cheart '*rochtain a bheith ag OLAF ar shonraí VIES agus Eurofisc*'. Thairis sin, in 2025, chinn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, maidir le calaois CBL ar allmhairí agus comhar idir comhlachtaí ar leibhéal an Aontais, go gcuireann na forálacha dlíthiúla maidir le comhroinnt sonraí agus malartuithe faisnéise, bac fós ar an gcomhar idir Eurofisc agus OLAF agus go mbíonn nósanna imeachta atá dian ó thaobh ama de mar thoradh ar na forálacha sin, rud a mbíonn tionchar aige ar éifeachtacht chásanna OLAF agus OIPE i ndáil le calaois CBL[10].

Dá bhrí sin, foráiltear le Rialachán OIPE agus OLAF cheana féin d'oibleagáidí na mBallstát aonair faisnéis ábhartha CBL is gá a tharchur — ar fhorais agus ar mhodhanna éagsúla — chun go gcomhlíonfaidh OIPE agus OLAF a sainorduithe. Ar an taobh eile, déantar foráil le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le malartú láraithe faisnéise CBL san Aontas i measc na mBallstát, go príomha laistigh de líonra Eurofisc agus trí chórais TF an Aontais (amhail VIES agus CESOP a úsáidtear laistigh de Eurofisc). Tugadh Eurofisc agus córais TF an Aontais isteach i Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 chun déileáil leis an ngá atá ag teacht chun cinn calaois laistigh den Chomhphobal agus calaois CBL ríomhthráchtála a chomhrac, lena mbaineann roinnt Ballstát de réir mar a thuigfí é. Trí chalaois den sórt sin a chomhrac le malartuithe déthaobhacha, bíonn sé rómhall scéimeanna calaoise trasteorann a bhrath.

Tarlaíonn comhroinnt iltaobhach faisnéise údaráis chánach na mBallstát ar dhá phríomhleibhéal: (1) trí anailís riosca náisiúnta a chomhroinnt laistigh de líonra Eurofisc, agus (2) trí rochtain uathoibrithe ar fhaisnéis CBL trí chórais TF an Aontais amhail VIES agus CESOP. Leis an gcéad cheann, is féidir le húdaráis chánach toradh na hanailíse riosca náisiúnta a mhalartú, aiseolas a roinnt agus anailís riosca ar scéimeanna calaoiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann a bheith acu ar leibhéal an Aontais. Tá an dara ceann ríthábhachtach d'údaráis chánach chun rochtain a fháil ar fhaisnéis CBL ar leibhéal an Aontais, chun a n-anailís riosca féin a reáchtáil nó chun toradh na hanailíse riosca a fhíorú, agus chun anailís riosca Eurofisc a dhéanamh freisin. Leis an mbunús dlí atá ann faoi láthair, ní féidir leis na

---

10 Tuarascáil speisialta 08/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa 'Calaois Chánach Breisluacha ar allmhairí – Níl cosaint leordhóthanach ag leasanna airgeadais an Aontais faoi nósanna imeachta simplithe custaim', Uimh. 24/2015 Moladh Uimh. 12.

Ballstáit rochtain a fháil ar fhaisnéis CBL ar leibhéal an Aontais ach amháin idir riaracháin chánach. Níor leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 dá réir sin chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le OIPE agus OLAF rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin ar leibhéal an Aontais, rud a thugann uirlis dóibh chun a gcúraimí rialála a fhorghníomhú agus chun calaois a chomhrac. Tá rochtain ar fhaisnéis ar leibhéal an Aontais riachtanach do OIPE agus do OLAF chun idirdhealú a dhéanamh idir idirbhearta calaoiseacha agus idirbhearta dlisteanacha, agus chun imscrúduithe a dhéanamh ar an slabhra calaoiseach ina iomláine. Tugtar le tuiscint leis sin go mbeidh rochtain ar fhaisnéis CBL ar leibhéal an Aontais. Sa chleachtas, faoin staid reatha, ní mór do OIPE agus OLAF a sainordú maidir le calaois a chomhrac ar leibhéal an Aontais a chomhlíonadh trí chomhoibriú go déthaobhach le húdaráis chánach ar an leibhéal náisiúnta. Má dhéanann OIPE agus OLAF imscrúdú ar chalaois ar leibhéal an Aontais, ní féidir leo ach dul trí údarás náisiúnta chun faisnéis aitheantais CBL na gcáiníocóirí calaoiseacha sa Bhallstát sin a fháil, agus chun faisnéis a fháil faoi na hidirbhearta calaoiseacha sa Bhallstát sin. Faoin gcás reatha, ní mór do OIPE agus OLAF an comhar déthaobhach sin a dhéanamh arís leis na Ballstáit uile a chreideann siad go bhfuil baint acu le calaois, agus d'fhéadfaidís filleadh ar na Ballstáit chéanna má bhíonn cáiníocóirí amhrasacha nua i gceist. Níl an próiseas fada anásta sin ag teacht leis an ngá le himscrúdú a dhéanamh ar chalaois CBL laistigh den Chomhphobal a bhaineann le roinnt Ballstát. Leis na himscrúduithe OIPE is déanaí lena gcuimsítear níos mó ná leath de na Ballstáit[11], cruthaítear nach féidir le comhrac an Aontais i gcoinne calaois CBL ach tairbhe a bhaint as rochtain ar fhaisnéis CBL ar leibhéal an Aontais. Dá luaithe a bhíonn léargas iomlán ag OIPE agus OLAF ar an gcalaois ó thaobh an Aontais de, is luaithe is féidir leo bearta a dhéanamh chun deireadh a chur leis an gcalaois. Sa togra seo, tugtar aghaidh ar na heasnaimh sin ag a bhfuil leasú teoranta, chun cumarsáid dhíreach chuíchóirithe le Eurofisc a sholáthar do OIPE agus do OLAF agus rochtain shonrach, dhíreach agus láraithe ar fhaisnéis ábhartha CBL i ndáil lena sainorduithe féin, i dtéarmaí calaois a chomhrac agus gan dochar do na cearta rochtana atá ann cheana lena n-eascraítear as Rialacháin OIPE agus OLAF.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo comhsheasmhach le reachtaíocht an phacáiste maidir le CBL sa ré dhigiteach, a tháinig i bhfeidhm ach nach bhfuil infheidhme go fóill[12]. Beartaítear leis an bpacáiste maidir le CBL sa ré dhigiteach go gcruthófar córas chun faisnéis a mhalartú agus a phróiseáil go lárnach maidir le hidirbhearta laistigh den Aontas agus faisnéis faoi chlárú CBL (Córas Lárnach Malartaithe Faisnéise CBL — VIES). Le leasú dlíthiúil, cruthófar rochtain OIPE agus OLAF ar fhaisnéis VIES lárnach, a luaithe a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

[11] Imscrúdú OIPE cluster Midas, cás calaoise CBL mórscála lena gcuimsítear 17 dtír agus a bhfuil damáiste measta EUR 195 mhilliún i gceist leis. ([an Ghearmáin:An ceathrú duine ciontaithe in imscrúdú mórscála calaoise CBL Midas |Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh]). San imscrúdú a rinne OIPE, ar a dtugadh an códainm 'Calypso', buaileadh buille nach beag ar líonraí coiriúla a chuir margadh an Aontais thar maoil le hearraí a allmhairíodh go calaoiseach ón tSín, agus dleachtanna custaim agus CBL á seachaint ag an am céanna. Cuimsítear 14 thír leis. Meastar faoi láthair gur thart ar EUR 700 milliún atá i ndamáiste iomlán na ngníomhaíochtaí coiriúla atá faoi imscrúdú: tagann os cionn EUR 250 milliún ó dhleachtanna custaim a imghabháladh (a rachaidh ar ais go hiomlán i mbuiséad an Aontais), agus beagnach EUR 450 milliún ó CBL neamhíoctha, rud a dhéanann dochar do bhuiséad an Aontais agus do bhuiséid náisiúnta na mBallstát araon ([Imscrúdú 'Calypso':Buille tugtha ag OIPE do líonraí coiriúla atá ag cur mhargadh an Aontais thar maoil le hallmhairí calaoiseacha ón tSín |Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh]).

[12] Rialachán (AE) 2025/517 ón gComhairle an 11 Márta 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach (IO L, 2025/517, 25.3.2025)

Le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 leagtar síos rialacha d'údaráis inniúla na mBallstát chun faisnéis faoi íocaíochtaí trasteorann a chomhroinnt trí shonraí an Lárchórais Leictreonaigh Faisnéise Íocaíochta (CESOP). Dá bhrí sin, tugtar aghaidh freisin leis an togra seo ar rochtain OIPE agus OLAF ar CESOP.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo comhsheasmhach leis an athbhreithniú leanúnach ar ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais arb é is aidhm dó cúraimí, inniúlachtaí agus comhordú a chuíchóiriú idir gníomhaithe éagsúla an Aontais atá i gceannas ar chalaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chosc, a imscrúdú agus a chur faoi chois, lena gcuimsítear comhroinnt éifeachtúil sonraí agus faisnéise. Tá sé i gcomhréir leis an bPáipéar Bán maidir leis an athbhreithniú ar an ollstruchtúr frithchalaoise[13]. Go háirithe, leagtar béim sa Pháipéar Bán ar an gcaoi ar féidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise tairbhe a bhaint as díriú ar bhailiú níos fearr faisnéise, ar rochtain neartaithe ar shonraí agus ar shineirgí feabhsaithe in úsáid modhanna imscrúdaitheacha, idir mhodhanna coiriúla agus riaracháin, agus ar chomhar feabhsaithe. Luaitear sa Pháipéar Bán go bhféadfadh sé a bheith úsáideach rialacha a chruthú do OIPE agus OLAF chun faisnéis a mhalartú le Eurofisc agus rochtain láraithe a thabhairt dóibh ar fhaisnéis ábhartha CBL.

Tá an togra seo comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle lena mbunaítear OIPE agus lena sainítear a inniúlacht i leith na gcionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir CLA, lena n-áirítear calaois CBL trasteorann lena mbaineann damáiste iomlán EUR 10 milliún ar a laghad.

Tá an togra seo comhsheasmhach le Cinneadh 1999/352/CE[14] ón gCoimisiún lena mbunaítear OLAF agus lena sainítear a inniúlacht i leith imscrúduithe riaracháin chun an comhrac in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Chomhphobail a neartú, chomh maith le haon ghníomh nó gníomhaíocht eile a dhéanann oibreoirí atá de shárú ar fhorálacha an Chomhphobail.

Tá an togra seo comhsheasmhach freisin le protectEU, Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach,[15] a mhéid a cheadaítear leis úsáid níos fearr a bhaint as modhanna coiriúla agus riaracháin araon, idir-inoibritheacht córas TF agus comhar feabhsaithe sa chomhrac i gcoinne na calaoise agus na coireachta eagraithe. Tá sé comhleanúnach leis an bhféidearthacht i leith feabhas a chur ar an gcomhar idir Europol agus Eurofisc amach anseo faoi chuimsiú an mheasúnaithe chuimsithigh ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle agus faoi chuimsiú an athchóirithe ar shainordú Europol, mar a bheartaítear faoin Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach.

Urramaítear leis an togra an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le cosaint sonraí pearsanta, RGCS[16], chomh maith le Rialachán (AE) 2018/1725, a bhfuil feidhm aige maidir le

---

13 COM(2025) 546 final

14 Cinneadh ón gCoimisiún an 28 Aibreán 1999 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) (ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad SEC(1999) 802) (IO L 136, 31.5.1999, lgh. 20–22)

15 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach: straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach (COM/2025/148 final)

16 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (*IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88* )

hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith leis an gcóras neamhspleách cosanta sonraí i gCaibidil VIII de Rialachán OIPE[17]

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Leis an Rialachán sin leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle ar bhonn Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Foráiltear leis an Airteagal sin go bhféadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, forálacha a ghlacadh chun comhchuibhiú a dhéanamh ar rialacha na mBallstát i réimse na cánach indírí.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Na módúlachtaí inar cheart do OIPE agus OLAF sonraí CBL a mhalartaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle (i.e. ar leibhéal an Aontais) a fháil, ní féidir foráil a dhéanamh maidir leis na módúlachtaí sin ar leibhéal na mBallstát amháin, nó trí ionstraimí neamhreachtacha a úsáid. Ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin tríd an mbunús dlí ábhartha a shoiléiriú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, is gá don Choimisiún gníomhaíocht a mholadh chun Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a leasú.

- **Comhréireacht**

Níl i gceist leis an togra ach leasú an-spriocdhírithe ar an gcreat dlíthiúil reatha le haghaidh comhar riaracháin i réimse CBL agus ní chuireann sé gnéithe leis ach amháin i gcás inar gá chun rochtain OIPE agus OLAF ar fhaisnéis CBL a mhalartaítear faoi shocruithe comhair riaracháin CBL a chruthú. Meastar go mbeidh éifeachtaí dearfacha ag na hathruithe atá beartaithe ar an gcomhrac in aghaidh calaois CBL, mar gheall ar dheireadh a chur le héiginnteachtaí dlíthiúla a chuireann bac faoi láthair ar chomhar éifeachtúil le OIPE agus le OLAF ar leibhéal an Aontais. Ní bheadh aon chostas breise nach beag ar údaráis náisiúnta mar thoradh ar na forálacha nua, cé is moite d'fhorbairtí áirithe TF do OIPE, do OLAF agus don Choimisiún. Sna cásanna sin fiú, bheadh na costais forbartha ghaolmhara an-íseal fós. Níl aon tionchar ar ghnólachtaí.

Maidir le OIPE, ní théann na forálacha nua thar a bhfuil fíor-riachtanach chun sonraí CBL a mhalartaítear faoi ionstraimí comhair riaracháin a chur ar fáil do OIPE chun é a dhéanamh níos éifeachtúla maidir le calaois CBL trasteorann a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh eagraíochtaí coiriúla a fheabhsú. Tá gá le rialáil a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le OIPE an fhaisnéis maidir le calaois CBL a fháil ar leibhéal an Aontais, seachas sonraí a fháil ó gach údarás inniúil de chuid na mBallstát ar leithligh, chun go bhféadfaidh OIPE imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtúil a dhéanamh ar chionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371[18], agus go háirithe calaois CBL thromchúiseach trasteorann.

---

[17] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (*IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39-98* )

[18] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhithín an dlí choiriúil, (IO L 198, 28.7.2017, lgh. 29–41)

Maidir le OLAF, ní théann na forálacha nua thar a bhfuil fíor-riachtanach chun sonraí CBL a mhalartaítear faoi ionstraimí comhair riaracháin a chur ar fáil do OLAF chun é a dhéanamh níos éifeachtúla ina imscrúduithe riaracháin ar chalaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Chomhphobail, chomh maith le haon ghníomh nó gníomhaíocht eile a dhéanann oibreoirí de shárú ar fhorálacha an Chomhphobail.

Beidh OIPE agus OLAF in ann faisnéis ábhartha CBL a fháil trí líonra cumarsáide slán, amhail na líonraí a thacaíonn faoi láthair le malartuithe faisnéise idir údaráis chánach agus chustaim. Ba cheart leis an líonra na gnéithe slándála uile is gá a sholáthar (lena n-áirítear criptiú faisnéise). Tugtar faoi deara sa togra seo go mbeidh feidhm fós ag na coimircí a leagtar síos faoi Rialachán OIPE, faoi Rialachán OLAF agus faoi na dlíthe Eorpacha maidir le cosaint sonraí. Tá an cuspóir foriomlán maidir le faisnéis atá ábhartha do CBL a mhalartú agus anailís a dhéanamh uirthi i gcomhréir le sainordú OIPE agus OLAF chun calaois a chomhrac. Is cuspóir tábhachtach a bhaineann le leas ginearálta an phobail don Aontas agus dá Bhallstáit é an comhrac in aghaidh na calaoise.

- **An rogha ionstraime**

Tá gá le Rialachán ón gComhairle chun Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a leasú.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh meastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle in 2025. Ar an iomlán, tá dearcadh dearfach ag na Ballstáit maidir leis an gcreat dlíthiúil agus praiticiúil a cuireadh chun feidhme. Ní dhéantar aon tagairt shainráite do OIPE sa chreat dlíthiúil comhair riaracháin a ndearnadh meastóireacht air. Ceann de na príomhthorthaí ar an meastóireacht go bhfágann an easpa tagartha sainráite do OIPE i Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle go mbeidh comhar idirinstitiúideach neamhoptamach ann agus, ar an gcaoi sin, go mbaineann sé an bonn den chomhrac éifeachtach in aghaidh calaois CBL. Léiríodh sa mheastóireacht freisin nach bhfuil na huirlisí comhair idir Eurofisc agus OLAF dá bhforáiltear le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 éifeachtach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh comhairliúcháin fhorleathana le páirtithe leasmhara le linn na meastóireachta agus roimh an togra seo. I gcomhthéacs na meastóireachta, rinne an Coimisiún suirbhé ar na húdaráis náisiúnta atá inniúil i réimse chomhair CBL agus ar pháirtithe leasmhara eile. Cuireadh ceistneoir ar fáil do na Ballstáit in 2023, agus thug na Ballstáit uile a bhfreagraí laistigh de 2 mhí. Cuireadh ceist ar na Ballstáit, i measc nithe eile, faoi chomhar OIPE-Eurofisc agus faoi rochtain OIPE ar shonraí CBL. Tríd is tríd, bhí na Ballstáit dearfach maidir leis an gcreat dlíthiúil a leasú i ndáil le OIPE, agus thug siad dá n-aire an dúshlán nach bhfuil na Ballstáit uile rannpháirteach in OIPE agus an gá atá ann do OIPE rochtain a fháil ar shonraí CBL faoi chuimsiú imscrúduithe leanúnacha OIPE. Cuireadh tuairimí na bpáirtithe leasmhara san áireamh agus an togra seo á dhréachtú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhí bailiú agus úsáid saineolais ag brath ar chomhairliúcháin fhorleathana le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear údaráis inniúla na mBallstát maidir le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle, ionadaithe Eurofisc, OLAF agus OIPE.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair ar an togra sin chun comhsheasmhacht a áirithiú idir Rialachán OIPE, Rialachán OLAF agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle. Tá roinnt Ballstát ag comhroinnt a gcuid faisnéise féin le OIPE agus OLAF cheana féin, faisnéis a mhalartaítear freisin faoi líonra Eurofisc, bunaithe ar an reachtaíocht náisiúnta agus ar Rialachán OIPE agus Rialachán OLAF. Mar sin féin, leis an gcur chuige náisiúnta sin, ina bhfuil easpa comhordú ar leibhéal an Aontais, ní sholáthraítear ach faisnéis ilroinnte do OIPE agus do OLAF, rud a thugann léargas páirteach ar chalaoisí ar fud an Aontais. Tá calaois CBL san Aontas ag éirí níos eagraithe ar leibhéal an Aontais agus leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 dá réir sin chun an uirlis dhlíthiúil a sholáthar do na Ballstáit ar mhaithe le cur chuige AE. Mar sin féin, ní dhearnadh foráil maidir le rochtain OIPE agus OLAF ar uirlisí nua sin an Aontais chun faisnéis a mhalartú, nach bhfuil ar fáil ach amháin trí Rialachán (AE) Uimh. 904/2010. Tá sé ríthábhachtach na huirlisí dlíthiúla sin a sholáthar chun go ndéanfaidh OIPE imscrúduithe coiriúla agus chun líonraí calaoise CBL a dhíchóimeáil go héifeachtach. Tá práinn ar leith ag baint leis sin i bhfianaise na riachtanas oibríochtúil atá ann cheana a cuireadh i dtábhacht i dTuarascáil Bhliantúil OIPE 2024.[19]. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag OIPE maidir le grúpaí coireachta eagraithe trasteorann atá bunaithe ar CBL a dhíchóimeáil agus beidh caillteanais nach beag do na Ballstáit i dtéarmaí ioncam CBL nach mbaileoidh siad mar thoradh ar aon mhoill maidir leis an Rialachán a thabhairt cothrom le dáta. Ar an gcaoi chéanna, mar a thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa dá haire ina Tuarascáil Speisialta 8 de 2025 maidir le calaois CBL ar allmhairí agus i dTuarascáil Speisialta 24 2015 uaithi maidir le Calaois laistigh den Chomhphobal (moladh 12), ba cheart rochtain a thabhairt do OLAF ar fhaisnéis VIES agus Eurofisc toisc go bhfuil sé ríthábhachtach chun comhar éifeachtach CBL a neartú.

Is é leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 an t-aon bheartas inmharthana chun rochtain a thabhairt do OIPE agus do OLAF ar fhaisnéis CBL ar leibhéal an Aontais. Is diomaibhseach an tionchar buiséadach a bheadh ann, ós rud é go ndeonófaí rochtain trí bhonneagar TF atá ann cheana. Níl aon tionchar ar shaoránaigh ná ar ghnólachtaí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Faoin bprionsabal 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' (OIOO), gheall an Coimisiún ualaí nua ó thograí reachtacha a fhritháireamh trí ualaí atá ann cheana sa réimse beartais céanna a laghdú, ionas go gcuirfear teorainn leis na tionchair dhiúltacha ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh. Baineann an fritháireamh le hualaí riaracháin agus ní gá go ndéanfaí coigeartú ar chostais (e.g. an infheistíocht is gá le haghaidh uasghráduithe). **Níl aon tionchar ag an togra seo ar ghnólachtaí ná ar shaoránaigh** agus dá bhrí sin comhlíontar prionsabal OIOO.

Tá an togra réidh don timpeallacht dhigiteach agus braitheann sé ar uirlisí cumarsáide TF atá ann cheana (Seiceáil Dhigiteach).

---

19 **Tuarascáil Bhliantúil 2024**: : OIPE i gceannas ar an gcúiseamh in aghaidh chalaois an Aontais, an 3 Márta 2025.

- **Cearta bunúsacha**

Baineann an togra le malartú agus próiseáil faisnéise a bhaineann le CBL agus sonraí pearsanta ag OIPE agus OLAF. Tugtar sainmhíniú leathan ar shonraí pearsanta sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)[20] lena n-áirítear aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta is féidir a shainaithint go díreach nó go hindíreach. Dá réir sin, tá faisnéis a thagann faoi raon feidhme RGCS agus na prionsabail maidir le cosaint phearsanta mar a leagtar síos sa Chairt um Chearta Bunúsacha sna sonraí atá ábhartha don chomhrac in aghaidh na calaoise.[21]. Leagtar síos in RGCS na prionsabail agus na cearta a bhaineann le hábhair sonraí nach mór a urramú agus sonraí pearsanta á bpróiseáil. Mar a mhínítear i roinn 1, i bhfianaise scála agus chastacht na calaoise CBL trasteorann, is gá do OIPE agus do OLAF faisnéis CBL a fháil ar leibhéal an Aontais chun a sainorduithe rialála a chomhlíonadh. Thairis sin, tá sé comhréireach faisnéis CBL a fháil ar leibhéal an Aontais ós rud é go mbaineann sé le cásanna calaoise CBL amhrasta agus le himscrúdú amhrasta.[22].

Tá córas cosanta sonraí neamhspleách mar chuid de Rialachán OIPE chun sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil, agus áirítear i Rialachán OLAF forálacha sonracha chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú i gcomhréir le caighdeáin cosanta sonraí an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2018/1725. Ní mór sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag OIPE — go háirithe sonraí a bhaineann le himscrúduithe coiriúla — a bheith dleathach, cothrom agus chun críoch dlisteanach sonraithe amháin. Le Rialachán OIPE, leagtar síos teorainneacha maidir le coinneáil sonraí, sainordaítear bearta slándála iomchuí, agus ráthaítear cearta na n-ábhar sonraí amhail rochtain, ceartú, léirscriosadh agus srianadh próiseála, faoi réir teorainneacha áirithe mar gheall ar chineál obair OIPE. Chomh maith leis sin, foráiltear leis go ndéanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) maoirseacht neamhspleách chun comhlíonadh a áirithiú. Ar an gcaoi chéanna, mar sheirbhís de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, tá OLAF faoi réir Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 agus, dá bhrí sin, tá sé faoi chumhachtaí maoirseachta MECS.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Mar thoradh ar an togra, beidh costais theoranta ar OIPE, ar OLAF agus ar an gCoimisiún as na córais faisnéise atá ann cheana a choigeartú chun malartú faisnéise agus rochtain ar fhaisnéis CBL a éascú. Leagtar amach na himpleachtaí buiséadacha go mion i ráiteas airgeadais an togra seo.

[20] Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1)

[21] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 26.10.2012, lch. 391)

[22] Airteagal 23(1)(e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus Airteagal 25(1)(c) de Rialachán (AE) 2018/1725

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déileálfaidh an Buanchoiste um Chomhar Riaracháin (SCAC), a bunaíodh faoi Airteagal 58(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle, le saincheisteanna maidir le comhar riaracháin idir na Ballstáit, OLAF agus OIPE.

De bhun Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, cuirfidh cathaoirleach Eurofisc tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí uile Eurofisc faoi bhráid SCAC, lena n-áirítear malartuithe le OIPE agus OLAF. Ina theannta sin, faoi Airteagal 49, chun meastóireacht a dhéanamh ar cé chomh maith agus atá an comhar riaracháin ag comhrac na himghabhála cánach agus na seachanta cánach, ní mór do na Ballstáit aon fhaisnéis atá ar fáil agus atá ábhartha do chur i bhfeidhm an Rialacháin a chur in iúl don Choimisiún agus, *inter alia*, staidreamh bliantúil maidir leis an rochtain atá ag OIPE agus ag OLAF ar fhaisnéis. Ar bhonn na sraitheanna fianaise sin, déantar athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin gach 5 bliana.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

N/B

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is iad seo a leanas na leasuithe atá beartaithe:

(a) Faoi Airteagal 36 (2a), ní mór do chomhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc aon léiriú ar chalaois amhrasta bunaithe ar an bhfaisnéis a mhalartaítear idir na Ballstáit maidir le calaois CBL trasteorann a chur in iúl go spontáineach do OIPE, a bhféadfadh OIPE a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith. Faoi Airteagal 36 (2b) ní mór do chomhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc aon fhaisnéis atá ábhartha le linn imscrúduithe OIPE ar chalaois CBL a chur in iúl do OIPE arna iarraidh sin.

(b) Faoi Airteagal 36 (2c) ní mór do chomhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc aon léiriú ar chalaois amhrasta bunaithe ar an bhfaisnéis a mhalartaítear idir na Ballstáit maidir le calaois CBL trasteorann a chur in iúl do OLAF, i gcomhréir le sainordú OLAF mura gcoisctear sin leis an dlí náisiúnta. Faoi Airteagal 36(2d), ní mór do chomhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc aon fhaisnéis atá ábhartha do shainordú OLAF a chur in iúl do OLAF arna iarraidh sin, mura gcoisctear sin leis an dlí náisiúnta.

(c) Le hAirteagal 36, míreanna (2a)-(2d), soláthraítear rochtain ar shonraí arna mbailiú ó na Ballstáit ach ní sholáthraítear rochtain ar aon sonraí a fhaigheann Eurofisc ó Europol de bhun Airteagal 36(3).

(d) I gCaibidil XIII ‘AN CAIDREAMH LEIS AN gCOIMISIÚN AGUS INSTIDIÚIDÍ, COMHLACHTAÍ, OIFIGÍ AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ EILE AN AONTAIS, faoi Airteagal 49a, ní mór d’údaráis inniúla na mBallstát rochtain láraithe a thabhairt do OIPE le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe ar fhaisnéis atá ábhartha maidir le CBL trí chórais TF an Aontais chun cionta coiriúla sonracha a imscrúdú mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán OIPE. Tabharfar rochtain d’Ionchúisitheoirí Eorpacha, d’Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus d’fhoireann roghnaithe OIPE a bhfuil aitheantas

pearsanta úsáideora acu. Tagraítear leis an rochtain sin don fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 49a, agus ní áirítear léi rochtain ar tháscairí riosca agus ar phróisis a chuireann Oifigigh idirchaidrimh Eurofisc i bhfeidhm. Tá an rochtain teoranta do chuardaigh spriocdhírithe bunaithe ar chatagóirí sonraí sonracha, a shaineofar i ngníomh cur chun feidhme agus chun cionta coiriúla amhrasta sonracha dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1939 a imscrúdú nó a ionchúiseamh, e.g. ní le haghaidh cuardaigh randamacha.

(e) Sa Chaibidil chéanna, faoi Airteagal 49b, ní mór d'údaráis inniúla na mBallstát rochtain láraithe a thabhairt do OLAF le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe ar fhaisnéis ábhartha CBL trí chórais TF an Aontais chun imscrúduithe a oscailt agus a dhéanamh i gcomhréir le cúraimí OLAF. Tabharfaidh OLAF rochtain do bhaill foirne údaraithe a bhfuil aitheantas pearsanta úsáideora acu. Tagraíonn an rochtain sin don fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 49a, agus ní áirítear léi rochtain ar tháscairí riosca agus ar phróiseas a chuireann oifigigh Idirchaidrimh Eurofisc i bhfeidhm. Tá an rochtain teoranta do chuardaigh spriocdhírithe bunaithe ar chatagóirí sonraí sonracha, a shaineofar i ngníomh cur chun feidhme agus chun imscrúduithe a oscailt agus a dhéanamh i gcomhréir le cúraimí OLAF dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, e.g. ní le haghaidh cuardaigh randamacha.

Cumhdaítear rochtain OIPE agus OLAF leis na forálacha dlíthiúla in Airteagal 49a agus 49b:

(a) Trí Chóras Malartaithe Faisnéise CBL (VIES) ar fhaisnéis faoi uimhreacha aitheantais CBL agus idirbhearta laistigh den Chomhphobal (Airteagal 17(1) pointí (a)-(c)),

(b) Tríd an gcóras FAIREACHAS ar fhaisnéis ábhartha maidir le hallmhairí atá díolmhaithe ó CBL (Airteagal 17(1) pointí (e) agus (f) a bhaineann le I/OSS agus allmhairí nós imeachta custaim 42/63),

(c) Trí chóras CESOP maidir le faisnéis íocaíochta (Airteagal 24b(3)).

Cuirtear tagairtí do rochtain OIPE agus OLAF i gcomhréir le hAirteagail 49a agus 49b le hAirteagail 21 agus 24d ar mhaithe le comhleanúnachas.

Beidh OIPE agus OLAF in ann faisnéis a fháil a bhaineann leis an Ionad Ilfhreastail CBL agus le scéim speisialta FBM (Airteagal 17(1) pointí (d), (g) faoi seach) trí Eurofisc de bhun Airteagal 36 leasaithe, i bhfianaise shainiúlachtaí na gcóras TF ábhartha, nach n-áirítear leo comhpháirteanna lárnacha ar leibhéal an Aontais agus go mbeadh tionchar TF ar údaráis náisiúnta ag a n-oiriúnú.

Déantar forálacha dlíthiúla a oiriúnú ón 1 Iúil 2030 chun freastal ar VIES lárnach, rud a fhágann go gcuirfear tús le hoibríochtaí an tráth sin agus a thiocfaidh in ionad VIES oidhreachta. Cuirtear tagairt do rochtain OIPE agus OLAF ar VIES lárnach i gcomhréir le hAirteagail 49a agus 49b le hAirteagal 24k ar mhaithe le comhleanúnachas.

2025/0348 (CNS)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann le rochtain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ar fhaisnéis faoi cháin bhreisluacha ar leibhéal an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010[3] ón gComhairle, leagtar síos rialacha maidir le faisnéis shonrach a stóráil agus a mhalartú trí mhodhanna leictreonacha i réimse na cánach breisluacha (CBL) a d'fhéadfadh cuidiú le measúnú ceart ar CBL a chur i bhfeidhm, faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart CBL, go háirithe ar idirbhearta laistigh den Chomhphobal, agus calaois CBL a chomhrac. Mar sin féin, ní leagtar amach ann conas is féidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) an fhaisnéis sin a fháil chun a cúraimí a fheidhmiú de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[4], nó conas is féidir leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) an fhaisnéis sin a fháil chun a cúraimí a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(2) De bhun Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, tuairisceoidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus údaráis na mBallstát atá

---

1 IO C, , lch. .

2 IO C, , lch. .

3 Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1).1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/904/oj).

4 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

5 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

inniúil faoin dlí náisiúnta is infheidhme do OIPE, gan moill mhíchuí, aon iompar coiriúil, lena n-áirítear calaois CBL trasteorann, a bhféadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 22 agus Airteagal 25(2) agus (3) den Rialachán sin. De réir mar a thuigfí é, tá baint ag roinnt Ballstát le calaois CBL trasteorann agus níl an sreabhadh faisnéise ó Bhallstáit aonair chuig OIPE oiriúnach don chuspóir calaois CBL a chomhrac ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, chun OIPE a chur ar an eolas faoi rioscaí calaoise CBL ar leibhéal an Aontais agus chun a shainordú rialála a chomhlíonadh, is gá na módúlachtaí a leagan amach ar bhealach níos mionsonraithe faoinar cheart do na Ballstáit, laistigh de líonra Eurofisc dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, aon tásc amhrasach agus faisnéis bheacht atá ar fáil maidir le calaois CBL a thuairisciú do OIPE. Thairis sin, de bhun Airteagal 24(9) de Rialachán (AE) 2017/1939, i gcásanna sonracha, féadfaidh OIPE tuilleadh faisnéise ábhartha a iarraidh a bheidh ar fáil d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus d'údaráis na mBallstát. Dá bhrí sin, is iomchuí na rialacha a leagan amach faoinar cheart do na Ballstáit laistigh de Eurofisc faisnéis maidir le calaois CBL trasteorann a chur in iúl do OIPE tar éis iarraidh a fháil ó OIPE.

(3) De bhun Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, ní mór do na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha a bheith in ann aon fhaisnéis ábhartha a stóráiltear i mbunachair sonraí náisiúnta, chomh maith le cláir ábhartha na n-údarás poiblí, a fháil faoi na coinníollacha céanna leis na coinníollacha sin a bhfuil feidhm acu faoin dlí náisiúnta i gcásanna comhchosúla. De bhun Airteagal 43(2) den Rialachán sin, beidh OIPE in ann aon fhaisnéis ábhartha a thagann faoina inniúlacht agus a stóráiltear i mbunachair sonraí agus i gcláir institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais a fháil freisin. De réir mar a thuigfí é, tá baint ag roinnt Ballstát le calaois CBL trasteorann agus ní leor rochtain ar leibhéal na mBallstát ar fhaisnéis ábhartha a stóráiltear i mbunachar sonraí náisiúnta do OIPE chun calaois CBL a chomhrac ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, gan dochar d'Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2017/1939, chun go mbeidh rochtain ag OIPE ar fhaisnéis ar leibhéal an Aontais agus chun a shainordú rialála a chomhlíonadh agus calaois a chomhrac ar leibhéal an Aontais, tá sé tábhachtach na rialacha a shainiú faoinar cheart do OIPE faisnéis ábhartha CBL a fháil ar leibhéal an Aontais ó bhunachair sonraí agus ó chláir na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle. Ar an gcúis chéanna, tá sé tábhachtach rochtain láraithe a thabhairt do OIPE, le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe, ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le himscrúdú trí phointe iontrála aonair, fiú má bhaineann an fhaisnéis sin le roinnt Ballstát.

(4) Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach in OIPE, faoi phrionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tacú le gníomhaíochtaí OIPE agus staonadh ó aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh baint amach a chuspóirí a chur i mbaol. Tá Eurofisc comhdhéanta de na Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE agus nach bhfuil rannpháirteach ann. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach bunús dlí soiléir a bheith ann maidir le rochtain OIPE ar fhaisnéis a phróiseálann Eurofisc.

(5) Mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa don Choimisiún agus do na Ballstáit deireadh a chur le bacainní dlí lena gcuirtear cosc ar mhalartú faisnéise idir údaráis riaracháin, bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus go háirithe go mbeadh rochtain ag OLAF ar chóras malartaithe faisnéise

CBL (VIES) agus ar shonraí Eurofisc[6]. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach go leagfar rochtain lárnach ar chórais TF an Aontais amach i mbunús dlí soiléir.

(6) De bhun Airteagal 8(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tarchuirfidh údaráis inniúla na mBallstát aon fhaisnéis, doiciméid nó sonraí eile a mheastar a bheith ábhartha agus atá ina seilbh acu agus a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais chuig OLAF gan mhoill, arna iarraidh sin dó nó ar a dtionscnamh féin. De réir mar a thuigfí é, tá baint ag roinnt Ballstát le calaois CBL trasteorann agus níl an sreabhadh faisnéise chuig OLAF ag teacht leis an gcuspóir chun calaois CBL a chomhrac ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, chun OLAF a chur ar an eolas faoi chalaois CBL ar leibhéal an Aontais agus chun a shainordú rialála a chomhlíonadh, is gá na rialacha mionsonraithe a leagan amach faoinar cheart do na Ballstáit, laistigh de líonra Eurofisc dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, aon tásc amhrasach agus faisnéis bheacht atá ar fáil maidir le calaois CBL trasteorann a thuairisciú do OLAF, ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin do OLAF.

(7) De bhun Airteagal 3(11) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, is féidir le OLAF rochtain a bheith aige ar aon fhaisnéis agus sonraí ábhartha, gan beann ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte, atá i seilbh na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí a bhfuil baint acu leis an ábhar atá faoi imscrúdú, i gcás inar gá chun a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. De bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, sula gcuirfear tús le himscrúdú, tá sé de cheart ag OLAF rochtain a fháil ar aon fhaisnéis ábhartha atá i mbunachair sonraí atá i seilbh na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí nuair atá sé sin fíor-riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar bhonn fírice, ar na líomhaintí agus prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta á n-urramú ag an am céanna. Tá an ceart rochtana sin le feidhmiú faoi na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013. De réir mar a thuigfí é, tá baint ag roinnt Ballstát le calaois CBL trasteorann, ach le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ní thugtar rochtain do OLAF ar fhaisnéis a mhalartaítear nó a stóráiltear i gcórais TF an Aontais, rud a chuireann cumas OLAF chun calaois CBL a chomhrac ar leibhéal an Aontais i mbaol. Dá bhrí sin, chun go mbeidh OLAF in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis CBL ar leibhéal an Aontais agus a shainordú rialála a chomhlíonadh agus calaois a chomhrac ar leibhéal an Aontais, tá sé tábhachtach na rialacha a shainiú faoinar cheart do OLAF rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha CBL ar leibhéal an Aontais ó bhunachair sonraí agus ó chláir na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010. Ar an gcúis chéanna, tá sé tábhachtach rochtain láraithe a thabhairt do OLAF, le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe, ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le himscrúdú trí phointe iontrála aonair, fiú má bhaineann an fhaisnéis sin le roinnt Ballstát.

(8) Tá faisnéis maidir le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal, íocaíochtaí trasteorann agus allmhairithe atá díolmhaithe ó CBL tábhachtach don chomhrac i gcoinne na calaoise. Is iad na húdaráis inniúla náisiúnta a stórálann an fhaisnéis sin. Maidir le cosaint sonraí pearsanta, tá an Coimisiún, mar phróiseálaí sonraí, ag éascú mhalartú na

[6] Tuarascálacha Speisialta Uimh. 24/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, *Tackling intra-Community VAT fraud: More action needed* [Calaois CBL laistigh den Chomhphobal a chomhrac: Teastaíonn tuilleadh gnímh] (https://www.eca.europa.eu/en/publications/SR15_24).

faisnéise sin agus gníomhaíonn na húdaráis inniúla sna Ballstáit mar rialaitheoirí sonraí, faoi Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoi seach[8]. Ba cheart rochtain láraithe OIPE agus OLAF ar fhaisnéis CBL ar leibhéal an Aontais a thabhairt gan dochar do róil agus freagrachtaí na n-údarás inniúil sna Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le cosaint sonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2016/679.

(9) Chun an rochtain ar shonraí pearsanta a chosaint, níor cheart ach do na hIonchúisitheoirí Eorpacha, do na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha, chomh maith le baill foirne roghnaithe OIPE agus OLAF, a d'údaraigh OIPE agus OLAF faoi seach roimhe sin, rochtain a fháil ar fhaisnéis CBL chun a gcúraimí a chur i gcrích, faoi fhormhaoirseacht oifigigh Idirchaidrimh Eurofisc. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú don rochtain sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i leith na sonraí teicniúla agus na socruithe praiticiúla, lena n-áirítear maidir le sásra rialaithe rochtana agus próifíl agus aitheantas úsáideoirí. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

(10) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe, an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint.

(11) Ós rud é gur gá na córais, an bonneagar agus na modhanna teicniúla lena n-éascaítear malartú faisnéise CBL ar leibhéal an Aontais a oiriúnú chun rochtain shlán a thabhairt do OIPE agus do OLAF, is gá cur i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha a chur siar chun go mbeidh na Ballstáit, an Coimisiún, OIPE agus OLAF in ann na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh. Ba cheart leis sin breithniú a dhéanamh ar na dátaí ar a mbeidh VIES lárnach i bhfeidhm agus a gcuirfear deireadh de réir a chéile le VIES oidhreachta. Ba cheart do OIPE agus OLAF a bheith freagrach as na costais a bhaineann leis an mbonneagar ábhartha agus na modhanna teicniúla ábhartha a bhunú agus a chothabháil chun rochtain shlán a fháil ar fhaisnéis CBL.

(12) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim an […].

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a leasú dá réir,

---

7 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

8 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

9 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010**

Leasaítear Rialachán (AE) 904/2010 mar a leanas:

(1) In Airteagal 21, cuirtear an mhír 2c seo a leanas leis:

'2c. Tabharfaidh gach Ballstát rochtain d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 49a agus 49b, agus i gcomhréir leis na teorainneacha agus na rialacha a leagtar amach sna hAirteagail sin.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24d:

*'Airteagal 24d*

1. Tabharfar rochtain ar CESOP d'oifigigh idirchaidrimh Eurofisc, dá dtagraítear in Airteagal 36(1), a mbeidh aitheantas úsáideora pearsanta acu do CESOP agus i gcás ina mbainfidh an rochtain sin le himscrúdú ar chalaois CBL amhrasta nó i gcás inarb é is cuspóir don rochtain sin calaois CBL a bhrath.

2. Beidh rochtain ag OIPE agus OLAF ar fhaisnéis CESOP i gcomhréir leis na teorainneacha agus na rialacha a leagtar síos in Airteagal 49a agus 49b.';

(3) In Airteagal 24k, cuirtear isteach an mhír 1a seo a leanas:

'1a. Beidh rochtain ag OIPE agus OLAF ar fhaisnéis VIES lárnach i gcomhréir leis na teorainneacha agus na rialacha a leagtar síos in Airteagal 49a agus 49b';

(4) In Airteagal 36, cuirtear isteach na míreanna 2a, 2b, 2c agus 2d seo a leanas:

'2a. Cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc in iúl do OIPE, i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle* a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE agus i gcomhréir leis an Airteagal seo a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit eile, aon léiriú gan moill mhíchuí ar chalaois amhrasta CBL trasteorann bunaithe ar fhaisnéis a chuirtear in iúl nó a bhailítear de bhun an Rialacháin seo a bhféadfadh OIPE a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith.

2b Le linn imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanfaidh OIPE, agus arna iarraidh sin do OIPE, i gcomhréir le hAirteagal 24(9) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE agus i gcomhréir leis an Airteagal seo a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit eile, cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc aon fhaisnéis ó na Ballstáit maidir le calaois CBL trasteorann a chuirtear in iúl nó a bhailítear faoin Rialachán seo in iúl do OIPE.

2c. I gcomhréir le hAirteagal 8, (2) agus (3), de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc in iúl do OLAF gan mhoill aon léiriú ar chalaois amhrasta CBL trasteorann bunaithe ar fhaisnéis ó na Ballstáit a chuirtear in iúl nó a bhailítear de bhun an Rialacháin seo chun cur ar chumas OLAF gníomhaíocht iomchuí a mheas i gcomhréir lena shainordú.

2d. I gcomhréir le hAirteagal 8(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus arna iarraidh sin do OLAF, cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc in iúl do OLAF aon fhaisnéis ó na Ballstáit maidir le calaois CBL trasteorann a chuirtear in iúl nó a bhailítear

de bhun an Rialacháin seo chun cur ar chumas OLAF gníomhaíocht iomchuí a mheas i gcomhréir lena shainordú.

---

* Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

** Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).’;

(5) i gCaibidil XIII, cuirtear isteach na hAirteagail 49a agus 49b seo a leanas:

*‘Airteagal 49a*

1. Gan dochar d’Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2017/1939, tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát rochtain láraithe do OIPE, le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe, ar an bhfaisnéis seo a leanas:

(a) Ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2032, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (a), (b) agus (c), den Rialachán seo;

(b) Ón 1 Meán Fómhair 2026, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (e) agus (f), den Rialachán seo;

(c) Ón 1 Meán Fómhair 2026, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24b(3) den Rialachán seo;

(d) Ón 1 Iúil 2030, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24g(2) den Rialachán seo.

2. Tabharfar rochtain láraithe dá dtagraítear i mír 1 faoi gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) maidir le hIonchúisitheoirí Eorpacha, Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha, agus baill foirne atá údaraithe ag Lároifig OIPE a bhfuil aitheantas pearsanta úsáideora acu le haghaidh na gcóras leictreonach lena gceadaítear rochtain láraithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo;

(b) chun críoch cionta coiriúla amhrasta sonracha dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1939 a imscrúdú nó a ionchúiseamh;

(c) faoi fhormhaoirseacht oifigigh Idirchaidrimh Eurofisc.

3. Is éard a bheidh sa rochtain láraithe rochtain trí phointe iontrála aonair, ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le himscrúdú, fiú má bhaineann an fhaisnéis sin le roinnt Ballstát.

4. Cinnfidh an Coimisiún an méid seo a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

   (a) na mionsonraí teicniúla maidir le rochtain láraithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin lena n-áirítear liosta na gcatagóirí sonraí lenar féidir na cuardaigh spriocdhírithe a dhéanamh;

(b) na socruithe praiticiúla, lena n-áirítear sásra rialaithe rochtana agus próifíl úsáideoirí, chun na húsáideoirí dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (c), den Airteagal seo a shainaithint;

(c) na socruithe praiticiúla maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar oifigigh Idirchaidrimh Eurofisc.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2) den Rialachán seo.

5. Is é OIPE a íocfaidh na costais as an mbonneagar agus na modhanna teicniúla a bhunú, a oibriú agus a chothabháil lena gceadaítear rochtain shlán ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin.

*Airteagal 49b*

1.Tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát rochtain láraithe do OLAF le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe ar an bhfaisnéis seo a leanas:

(a) Ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2032, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (a), (b) agus (c), den Rialachán seo;

(b) Ón 1 Meán Fómhair 2026, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (e) agus (f), den Rialachán seo;

(c) Ón 1 Meán Fómhair 2026, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24b(3) den Rialachán seo;

(d) Ón 1 Iúil 2030, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24g(2) den Rialachán seo.

2.Tabharfar rochtain láraithe dá dtagraítear i mír 1 faoi gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) baill foirne arna n-údarú ag OLAF a bhfuil aitheantas úsáideora pearsanta acu le haghaidh na gcóras leictreonach lena gceadaítear rochtain láraithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin;

(b) chun tús a chur le himscrúduithe agus iad a dhéanamh i gcomhréir le cúraimí OLAF dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013;

(c) faoi fhormhaoirseacht oifigigh Idirchaidrimh Eurofisc.

3.Is éard a bheidh sa rochtain láraithe rochtain trí phointe iontrála aonair, ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le himscrúdú, fiú má bhaineann an fhaisnéis sin le roinnt Ballstát.

4. Sonróidh an Coimisiún an méid seo a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) na mionsonraí teicniúla maidir le rochtain láraithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo lena n-áirítear liosta na gcatagóirí sonraí lenar féidir na cuardaigh spriocdhírithe a dhéanamh;

(b) na socruithe praiticiúla, lena n-áirítear sásra rialaithe rochtana agus próifíl úsáideoirí, chun na húsáideoirí dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (c), den Airteagal seo a shainaithint;

(c) na socruithe praiticiúla maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar oifigigh Idirchaidrimh Eurofisc.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2) den Rialachán sin.

5.Is é OLAF a íocfaidh as na costais a bhaineann leis an mbonneagar agus na modhanna teicniúla a bhunú, a oibriú agus a chothabháil lena gceadaítear rochtain shlán ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin.'.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (1), (2), (4) agus (5) ón 1 Meán Fómhair 2026 ar aghaidh.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (3), ón 1 Iúil 2030.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ... 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ... 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ... 3

1.3. Cuspóirí ... 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta ... 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha ... 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo ... 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta ... 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ... 4

1.5. Forais an togra/tionscnaimh ... 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ... 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ... 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ... 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ... 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ... 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ... 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ... 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ... 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ... 8

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe ... 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis an modh/na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis an sásra/na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ... 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ... 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ... 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ..... 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ..... 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ..... 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ..... 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ..... 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin ..... 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe ..... 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach ..... 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ..... 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha ..... 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach ..... 26
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíocht dhigiteach ..... 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ..... 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ..... 28
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ..... 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA ..... 29
4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha ..... 30
4.2. Sonraí ..... 30
4.3. Réitigh dhigiteacha ..... 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta ..... 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ..... 32

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le socruithe comhair CBL le OIPE agus le OLAF

*1.2. Réimsí beartais lena mbaineann*

Comhar riaracháin CBL, An comhrac in aghaidh na calaoise

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Soiléirítear leis an togra seo rochtain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus rochtain na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ar shonraí Cánach Breisluacha (CBL) a mhalartaítear ar leibhéal an Aontais faoi Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle. Is é is cuspóir dó comhleanúnachas a áirithiú idir Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle (dá ngairtear 'Rialachán OIPE' anseo feasta), Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 (dá ngairtear 'Rialachán OLAF' anseo feasta) agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse CBL.

Is é an cuspóir atá ann an comhrac i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Is é an cuspóir sonrach atá ann foráil a dhéanamh maidir le rochtain shonrach dhíreach agus láraithe ar fhaisnéis ábhartha CBL do OIPE agus do OLAF gan dochar do na cearta rochtana atá ann cheana a eascraíonn as Rialacháin OIPE agus OLAF. Ní mór do Eurofisc, go mionsonrach, aon fhaisnéis maidir le calaois CBL trasteorann a chur in iúl do OIPE agus do OLAF i gcomhréir lena sainordú agus ní mór do na Ballstáit rochtain láraithe a thabhairt do OIPE agus do OLAF le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe ar fhaisnéis atá ábhartha do CBL trí chórais TF an Aontais.

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Leis an togra sin, tugtar deimhneacht dhlíthiúil maidir le módúlachtaí na rochtana agus na próiseála a dhéanann OIPE agus OLAF ar fhaisnéis CBL atá ar fáil ar leibhéal an Aontais.

Cuirfidh sé sin feabhas ar an gcomhar idir OIPE, OLAF agus na Ballstáit (lena n-áirítear Eurofisc). Tiocfaidh gnóthachain éifeachtúlachta as, i.e. faisnéis a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais níos tapúla agus ó na Ballstáit uile, i gcomparáid leis an gcleachtas atá ann faoi láthair ina bhfaightear faisnéis trí theagmhálacha déthaobhacha leis na Ballstáit.

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Is iad seo a leanas na táscairí a d'fhéadfaí a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht:

- An líon foláireamh riosca a chuireann Eurofisc in iúl do OIPE agus do OLAF
- An líon uaireanta a fhaigheann OIPE agus OLAF rochtain ar fhaisnéis de réir an chineáil faisnéise CBL

**1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

☑ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[32]

☐ síneadh a chur le beart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is ar na socruithe praiticiúla a úsáidtear faoi láthair faoi Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a bheidh an togra ag brath. Soláthrófar mionsonraí teicniúla agus coinníollacha teicniúla maidir le rochtain ar fhaisnéis ag OIPE agus ag OLAF trí ghníomh cur chun feidhme. Déanfar an malartú faisnéise i gcomhréir leis na forbairtí teicniúla a dhéanfaidh OIPE, OLAF agus an Coimisiún. D'fhéadfaí tús a chur leis an obair ullmhúcháin in 2025 agus dhéanfaí an cur chun feidhme in 2026. Beartaítear go ndéanfar na hoibríochtaí iomlána tar éis mhí Iúil 2030, nuair a bheidh lárchóras VIES ar fáil.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex-ante*)

Ní féidir deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar lena n-áirithítear rochtain OIPE agus OLAF ar shonraí ábhartha CBL a mhalartaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a bhaint amach ar leibhéal na mBallstát, agus ar an leibhéal sin amháin, ná trí úsáid a bhaint as ionstraimí neamhreachtacha. Ní féidir í a bhaint amach ach ar leibhéal an Aontais trí bhunús dlí soiléir a chur ar fáil. Dá bhrí sin, is gá don Choimisiún gníomhaíocht a mholadh chun Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a leasú.

Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*)

Leis an togra sin, tugtar deimhneacht dhlíthiúil maidir le rochtain agus próiseáil faisnéise CBL atá ar fáil ar leibhéal an Aontais ag OIPE agus OLAF. Cuirfidh sé sin feabhas ar an gcomhar idir OIPE, OLAF agus na Ballstáit (lena n-áirítear Eurofisc). Tiocfaidh gnóthachain éifeachtúlachta as, i.e. faisnéis a chur ar fáil ar leibhéal an

[32] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Aontais níos tapúla agus ó na Ballstáit uile, i gcomparáid leis an gcleachtas atá ann faoi láthair ina bhfaightear faisnéis trí theagmhálacha déthaobhacha leis na Ballstáit.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Ní bhaineann le hábhar

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Ós rud é go gceaptar an togra chun Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le comhar riaracháin CBL a leasú, beidh na nósanna imeachta, na socruithe agus na huirlisí TF atá bunaithe cheana nó atá á bhforbairt i gcomhthéacs an Rialacháin sin ar fáil chun críocha an togra seo.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Déanfar réamh-mhaoiniú na hoibre trí chlár Fiscalis agus déanfar aisíocaíocht na gcostas iarbhír trí Mheabhrán Tuisceana (MT) nó Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse (CLS) le OLAF agus OIPE de réir mar is iomchuí.

1.6. **Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2025 go 2030,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐▪comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar

ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar fheidhmiú na hidirghabhála i gcomparáid leis na príomhchuspóirí beartais. Déanfar faireachán agus meastóireacht i gcomhréir leis na gnéithe eile de chomhar riaracháin CBL.

Cuirfidh na Ballstáit / Eurofisc sonraí faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil maidir leis na táscairí feidhmíochta a leagtar amach i roinn 1.3.4 a úsáidfear chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an togra.

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis an modh/na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis an sásra/na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Bunaíodh córais dhigiteacha le haghaidh raon feidhme reatha an Rialacháin. Déanfaidh an Coimisiún an bonneagar a athúsáid, lenar féidir malartuithe a dhéanamh idir údaráis na mBallstát.

Déanfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú ar na hoiriúnuithe ar na córais is gá chun go mbeifear in ann malartuithe a dhéanamh. Déanfar na príomhghnéithe rialaithe le haghaidh conarthaí soláthair, fíorú teicniúil an tsoláthair, fíorú *ex-ante* na ngealltanas, agus fíorú ex-ante íocaíochtaí ar réamh-mhaoiniú na n-oiriúnuithe sin.

Déanfar réamh-mhaoiniú na hoibre trí chlár Fiscalis agus is ar ais ar OLAF agus OIPE a ghearrfar na costais sin trí Mheabhrán Tuisceana (MT) nó Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse (CLS) de réir mar is iomchuí.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Is iad príomheilimintí na straitéise rialaithe:

Conarthaí soláthair

Na nósanna imeachta maidir le soláthar a shainítear sa Rialachán Airgeadais: déantar aon chonradh soláthair a bhunú tar éis an nós imeachta fíorúcháin arna sainiú ag seirbhísí an Choimisiúin maidir le híocaíocht, agus oibleagáidí conarthacha agus bainistíocht fhónta airgeadais agus bainistíocht ghinearálta á gcur san áireamh. Déantar foráil maidir le bearta frithchalaoise (rialuithe, tuarascálacha, etc.) sna conarthaí uile arna gcur i gcrích idir an Coimisiún agus na tairbhithe. Déantar téarmaí tagartha mionsonraithe a dhréachtú agus tá siad mar bhonn le gach conradh ar leith. Cloíonn an próiseas chun glacadh le hiarratais go dlúth le modheolaíocht TAXUD TEMPO: déantar athbhreithniú ar tháirgí insoláthartha, déantar leasú orthu más gá agus glactar leo (nó diúltaítear dóibh) go sainráite sa deireadh. Ní féidir aon sonrasc a íoc gan 'litir inghlacthachta'.

Fíorú teicniúil soláthair

Déanann AS TAXUD rialuithe ar tháirgí insoláthartha agus déanann sí maoirseacht ar oibríochtaí agus ar sheirbhísí a dhéanann conraitheoirí. Déanann sé iniúchtaí cáilíochta agus slándála ar a gconraitheoirí go tráthrialta. Le hiniúchtaí cáilíochta, déantar comhlíonadh phróisis iarbhír na gconraitheoirí a fhíorú de réir na rialacha agus na nósanna imeachta a shainítear ina bpleananna cáilíochta. Dírítear sna

hiniúchtaí slándála ar na próisis shonracha, ar na nósanna imeachta sonracha agus ar an mbunú sonrach.

De bhreis ar na rialuithe thuas, déanann AS TAXUD na rialuithe airgeadais traidisiúnta:

Fíorú *ex-ante* gealltanas

Fíoraíonn Ceann an Aonaid um Airgeadais, Soláthar Poiblí agus Comhlíontacht na gealltanais uile in AS TAXUD. Dá thoradh sin, cumhdaítear 100 % de na méideanna geallta leis an bhfíorú *ex-ante*. Leis an nós imeachta sin, tugtar ardleibhéal dearbhaithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n- idirbheart. Fíorú *ex-ante* ar íocaíochtaí. Déantar fíorú ar 100 % d'íocaíochtaí. Thairis sin, roghnaítear ar a laghad íocaíocht amháin (ó gach catagóir caiteachais) in aghaidh na seachtaine go randamach le haghaidh fíorú *ex-ante* breise arna dhéanamh ag Ceann an Aonaid um Airgeadais, Soláthar Poiblí agus Comhlíontacht. Níl aon sprioc ann maidir leis an gcumhdach, toisc go bhfuil sé d'aidhm ag an bhfíorú sin íocaíochtaí a sheiceáil 'go randamach' chun a fhíorú gur ullmhaíodh na híocaíochtaí uile i gcomhréir leis na ceanglais. Déantar na híocaíochtaí eile a phróiseáil de réir na rialacha atá i bhfeidhm ar bhonn laethúil.

Dearbhuithe ó na hOifigigh Údarúcháin trí Fhotharmligean

Suíonn gach Oifigeach Údarúcháin trí Fhotharmligean dearbhuithe ina dtacaítear leis an Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí le haghaidh na bliana lena mbaineann. Leis na dearbhuithe sin, cumhdaítear na hoibríochtaí a thagann faoi chuimsiú an chláir. Dearbhaíonn na hOifigigh Údarúcháin trí Fhotharmligean go ndéantar na hoibríochtaí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, go soláthraítear leis na córais bhainistíochta agus rialaithe atá i bhfeidhm dearbhú sásúil maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n- idirbheart agus go ndéantar na rioscaí a bhaineann leis na hoibríochtaí sin a shainaithint agus a thuairisciú go cuí agus go gcuirtear gníomhaíochtaí maolaithe chun feidhme.


2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Leis na rialuithe bunaithe, cuirtear ar a cumas d'Ard-Stiúrthóireacht TAXUD dearbhú leordhóthanach a bheith aici maidir le cáilíocht agus rialtacht an chaiteachais agus an riosca neamhchomhlíontachta a laghdú. Leis na bearta thuas maidir le straitéis rialaithe, laghdaítear na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann faoi bhun na sprice 2 % agus bíonn tionchar acu ar na tairbhithe uile. Dá ndéanfaí aon bheart breise chun rioscaí a laghdú a thuilleadh, is é a thiocfadh as costais arda a bheadh díréireach agus, dá bhrí sin, ní bheartaítear iad. Na costais fhoriomlána a bhaineann le cur chun feidhme na straitéise rialaithe thuas – le haghaidh gach caiteachas faoi Chlár Fiscalis 2027 – tá siad teoranta do 1,6 % d'iomlán na n-íocaíochtaí a dhéantar. Meastar go bhfanfaidh sé ag an gcóimheas céanna le haghaidh an tionscnaimh seo. Leis an straitéis rialaithe cláir, is beag nach dteorannaítear an riosca neamhchomhlíontachta go hiomlán agus leanann sí de bheith comhréireach leis na rioscaí bainteacha.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle. Is é is aidhm do na himscrúduithe sin a chinneadh cé acu a tharla nó nár tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais maidir le haon chomhaontú deontais, cinneadh deontais, nó conradh a chistítear faoin Rialachán seo.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH




Is éard atá sa réiteach digiteach:

- an nascacht líonra a bhunú idir TAXUD agus OIPE ar an taobh eile, mar a léirítear sa léaráid thuas;
- rochtain a thabhairt d'úsáideoirí OLAF agus OIPE;
- Comhéadan gréasáin VIES agus OSS/IOSS a sholáthar do OIPE agus do OLAF chun an dá chóras sin a chuardach;
- Rochtain ar shonraí Fhaireachas 3 a chur ar fáil do OIPE agus do OLAF.

Rinneadh na toimhdí / breithnithe seo a leanas:

- Áirítear sa mheasúnú gach cineál costas ó fhorbairt go bonneagar go seachadadh seirbhíse;
- Cuirtear rochtain 'Úsáideoir go Córas' chun feidhme ar na cineálacha éagsúla foinsí sonraí, rud a chiallaíonn go mbeidh líon measartha malartuithe sonraí ann;
- Roinntear na heilimintí costais uile de réir cóimheas 50 % le OIPE agus OLAF cé is moite de nascacht líonra, arb é atá i gceist léi sin 2/3 do OIPE agus 1/3 do OLAF mar gheall ar chastacht nascacht OIPE (lasmuigh d'imlíne slándála an Choimisiúin).

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[33]. | ó thíortha de chuid CSTE[34] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[35] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| Ceannteideal 1 | E.03040100 – EPPO | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| Ceannteideal 1 | E.03040100 -- OLAF | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

33 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

34 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

35 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d’fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

*3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: TAXUD | | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN CAI 2021- 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| E.03040100 (Fiscalis) - EPPO | Gealltanais | (1a) | | 0.950 | 0.475 | 0.380 | **1.805** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | 0.950 | 0.475 | **1.425** |
| E.03040100 (Fiscalis) - OLAF | Gealltanais | (1b) | | 0.850 | 0.425 | 0.340 | **1.615** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | 0.850 | 0.425 | **1.275** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | **0.000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS** TAXUD | Gealltanais | =1a+1b +3 | **0.000** | **1.800** | **0.900** | **0.720** | **3.420** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b +3 | **0.000** | **0.000** | **1.800** | **0.900** | **2.700** |

| | | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN CAI 2021- 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0.000 | 1.800 | 0.900 | 0.720 | **3.420** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0.000 | 0.000 | 1.800 | 0.900 | **2.700** |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | **0.000** | **1.800** | **0.900** | **0.720** | **3.420** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0.000** | **0.000** | **1.800** | **0.900** | **2.700** |
| | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021- 2027** |
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | 0.000 | 1.800 | 0.900 | 0.720 | **3.420** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0.000 | 0.000 | 1.800 | 0.900 | **2.700** |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe Faoi Cheannteidil 1 go 6** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+6 | **0.000** | **1.800** | **0.900** | **0.720** | **3.420** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0.000** | **0.000** | **1.800** | **0.900** | **2.700** |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: TAXUD | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021- 2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | 0.000 | 0.188 | 0.094 | 0.094 | **0.376** |
| • Caiteachas riaracháin eile | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **FORIOMLÁN AS TAXUD** | Leithreasuithe | **0.000** | **0.188** | **0.094** | **0.094** | **0.376** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | **0.000** | **0.188** | **0.094** | **0.094** | **0.376** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021- 2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** | Gealltanais | **0.000** | **1.988** | **0.994** | **0.814** | **3.796** |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | **0.000** | **0.188** | **1.894** | **0.994** | **3.076** |

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

*3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN 2021 - 2027 |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.000 | 0.188 | 0.094 | 0.094 | **0.376** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **0.188** | **0.094** | **0.094** | **0.376** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0.000** | **0.188** | **0.094** | **0.094** | **0.376** |

*3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe*

| IOMLÁN LEITHREASUITHE A VÓTÁLADH + IONCAIM SHANNTA SHEACHTRACHA | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN 2021 - 2027 |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.000 | 0.188 | 0.094 | 0.094 | **0.376** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **0.188** | **0.094** | **0.094** | **0.376** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0.000** | **0.188** | **0.094** | **0.094** | **0.376** |

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

*3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

*3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 |
|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 0 | 1 | 0.5 | 0.5 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | | |
| 20 02 01 (CA, SNE, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 02 03 (CA, LA, SNE, INT agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] | — sa Cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (CA, INT, SNE – Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | | **0** | **1** | **0.5** | **0.5** |

I bhfianaise an bhrú fhoriomláin atá i gCeannteideal 7, maidir le soláthar foirne agus leibhéal na leithreasuithe araon, is baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht nó de sheirbhísí eile de chuid an Choimisiúin a chomhlíonfaidh na hacmhainní daonna is gá.

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

| | **Le cumhdach ag baill foirne atá ann faoi láthair atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin** | **Foireann bhreise eisceachtúil*** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Le maoiniú faoi Cheannteideal 7 nó Taighde** | **Le maoiniú ó líne BA** | **Le maoiniú ó tháillí** |
| Poist sa phlean bunaíochta | 1 | 0 | N/B | 0 |
| Foireann sheachtrach (CA, | 0 | 0 | 0 | 0 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| SNEnna, INT) | | | | |

Tuairisc ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Beidh ról an bhainisteora tionscadail ag an duine. Beidh an duine freagrach as scóipiú, pleanáil agus comhordú foriomlán leis na páirtithe leasmhara éagsúla, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus bearta maolaithe a shainaithint. Is ar an duine a bheidh an fhreagracht fhoriomlán as an tionscadal a chur i gcrích. |
| Pearsanra seachtrach | N/B |

*3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíocht dhigiteach*

Éigeantach: na hinfheistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 7 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar 'Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla' is ceart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-6 a chur in iúl. Is é rud dá dtagraíonn an caiteachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ceannach/forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc.). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 'Gnéithe digiteacha'.

| **IOMLÁN na leithreasuithe Digiteacha agus TF**[36] | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021 - 2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas TF (corparáideach) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla | 0.000 | 1.800 | 0.900 | 0.720 | **3.420** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **1.800** | **0.900** | **0.720** | **3.420** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0.000** | **1.800** | **0.900** | **0.720** | **3.420** |

[36] Beidh roghanna straitéiseacha forbartha agus soláthair TF faoi réir réamhcheadú Bhord an Choimisiúin Eorpaigh um an Teicneolaíocht Faisnéise agus an Chibearshlándáil.

3.2.6. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

| |
|---|
| Cumhdófar na costais a bhaineann leis sin le clár Fiscalis agus gearrfar ar ais iad ar OIPE agus OLAF ar bhonn MT nó Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse (CLS) de réir mar is iomchuí. |

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

| |
|---|
| N/B |

3.2.7. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | |

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá | Tionchar an togra/tionscnaimh[37] |
|---|---|---|

[37] A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

| | ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| Airteagal ………… | | | | | |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

| N/B |
|---|

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| N/B |
|---|

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

Braitheann éifeachtacht an tionscnaimh seo ar bhonn láidir digiteach, lena gcumasaítear rochtain thráthúil, shlán agus struchtúrtha ar shonraí a bhaineann le CBL ar fud an Aontais. I measc na bpríomhchumasóirí digiteacha tá:

•Bonneagair an Aontais atá ann cheana a úsáid

Ba cheart malartú sonraí a fhorbairt ar bhealaí slána seanbhunaithe amhail an Líonra Cumarsáide Coiteann (CCN), lena n-áiritheofar iontaofacht agus rúndacht.

- Rochtain idir-inoibritheach agus struchtúrtha

Ba cheart do OLAF agus OIPE tairbhe a bhaint as pointe rochtana digiteach comhchuibhithe, rólbhunaithe lena gcumhdaítear VIES, IIFA, CESOP, tuarascálacha faireachais CP42, agus anailís ar líonraí idirbheart, i gcomhréir le caighdeáin idir-inoibritheachta an Aontais.

### 4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha

Chun go neartófar cumas an Aontais calaois a chomhrac go héifeachtach, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh rochtain thráthúil shlán ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ar phríomhthacair sonraí a bhaineann le hoibríochtaí agus comhlíonadh CBL. Ba cheart na ceanglais rochtana seo a leanas a chur chun feidhme:

- VIES (Córas Malartaithe Faisnéise CBL), OIPE agus OLAF a chumasú chun faisnéis maidir le clárú CBL agus maidir le hidirbhearta laistigh den Aontas a aisghabháil
- Sonraí IIFA (Ionaid Ilfhreastail Allmhairiúcháin), infheictheacht ar shonraí clárúcháin trádálaithe IIFA a cheadú
- Tuarascálacha faireachais maidir le IIFA agus Nós Imeachta Custaim 42 (CP42), tuarascálacha anailíseacha agus idirbheartaíochta a sholáthar maidir le húsáid IIFA agus CP42
- CESOP (Lárchóras Leictreonach Faisnéise Íocaíochta), rochtain ar shonraí íocaíochta trasteorann a éascú
- Le sonraí TNA (Anailís ar Líonraí Idirbheart), is féidir le Eurofisc faisnéis shonrach atá stóráilte i gcóras TNA a chomhroinnt le comhairliúchán díreach

Ba cheart na bearta rochtana sonraí sin a rialú le prótacail dhiana rúndachta, teoranta do chásanna leasa dhlisteanaigh imscrúdaithe, agus ba cheart iad a chomhtháthú i gcreataí frithchalaoise ar leibhéal an Aontais atá ann cheana.

| Tagairt don cheanglas | Tuairisc ar an gceanglas | Gníomhaí a ndéanann an ceanglas difear dó nó a bhfuil baint aige leis | Próisis Ardleibhéil | Catagóir |
|---|---|---|---|---|
| Airteagal 36 | Cuirfidh comhordaitheoirí réimse oibre Eurofisc aon fhaisnéis maidir le calaois CBL trasteorann in iúl do OIPE agus do OLAF | OIPE, OLAF, Eurofisc | Tuarascáil | Sonraí |
| Airteagal 49a, 49b | Tabharfaidh na Ballstáit rochtain do OIPE agus do OLAF ar na pointí faisnéise dá dtagraítear in (a)-(c) d'Airteagal 17(1) (idirbhearta laistigh den Chomhphobal — VIES) | OIPE, Ballstáit OLAF, Eurofisc | Clárlann a rochtain;<br>Faireachán a dhéanamh; | Réiteach Digiteach/Réitigh Dhigiteacha; |
| Airteagal 49a, 49b | Tabharfaidh na Ballstáit rochtain do OIPE agus do OLAF ar na pointí faisnéise dá dtagraítear in (e), (f) d'Airteagal 17(1), (faisnéis chustaim atá ábhartha do rialuithe CBL tráth an allmhairithe, allmhairí atá díolmhaithe ó CBL, allmhairí IIFA) | OIPE, OLAF, na Ballstáit, Eurofisc | Clárlann a rochtain;<br>Faireachán a dhéanamh; | Réiteach Digiteach/Réitigh Dhigiteacha; |
| Airteagal 49a, 49b | Tabharfaidh na Ballstáit rochtain do OIPE agus do OLAF ar na pointí faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 24b(3) (faisnéis faoi íocaíochtaí — CESOP) | OIPE, OLAF, na Ballstáit, Eurofisc | Clárlann a rochtain;<br>Faireachán a dhéanamh; | Réiteach Digiteach/Réitigh Dhigiteacha; |

**4.2. Sonraí**

Ba cheart rochtain rialaithe láraithe a thabhairt do OIPE agus do OLAF ar thacair sonraí shonracha ó:

- VIES (Córas Malartaithe Faisnéise CBL)
  Soláthraítear leis faisnéis faoi bhailíocht uimhreacha CBL agus idirbheart laistigh den Aontas.
- IIFA (Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin)
  Tá sonraí ann maidir le trádálaithe atá cláraithe in IIFA agus dearbhuithe allmhairiúcháin
- Tuarascálacha Faireachais maidir le IIFA agus CP42
  Tá faisnéis iontu sin maidir le hallmhairí faoi IIFA agus CP42 (allmhairiú ag a bhfuil díolúine ó CBL agus soláthar laistigh den Aontas ina dhiaidh sin).
- CESOP (Lárchóras Leictreonach Faisnéise Íocaíochta)
  Comhiomlánaíonn sé sonraí íocaíochta ó sholáthraithe seirbhíse íocaíochta (PSPanna) maidir le hidirbhearta trasteorann.
- TNA (Anailís ar Líonraí Idirbheart)
  Tá faisnéis Eurofisc ann maidir le calaois CBL

Sreabhadh Sonraí agus Sásra Rochtana

- Bailíonn údaráis chánach agus chustaim sonraí go príomha ar an leibhéal náisiúnta agus tarchuirtear iad chuig ardáin ar leibhéal an Aontais (e.g. CESOP, VIES, TNA).
- Bheadh rochtain ag OLAF agus OIPE ar na sonraí sin trí chomhéadain shlána rólbhunaithe, gan na sreafaí tuairiscithe atá ann cheana a athrú.
- Tá an rochtain teoranta agus tá sí faoi réir dianphrótacail rúndachta agus iniúchóireachta.

| **Cineál sonraí** | **Tagairt/tagairtí don cheanglas** | **Caighdeán agus/nó sonraíocht (más infheidhme)** |
|---|---|---|
| aon fhaisnéis maidir le calaois CBL | Airteagal 36 | I gcás inarb ábhartha, de réir na bhformáidí comhaontaithe a úsáidtear in Eurofisc a mhalartaítear ar bhealaí cumarsáide slána atá ann cheana. |
| pointí faisnéise dá dtagraítear in (a)-(c) d'Airteagal 17(1) (idirbhearta laistigh den Chomhphobal — VIES) | Airteagal 49a(1), Airteagal 49b(1) | I gcomhréir leis an bhformáid chaighdeánaithe choiteann a leagtar amach i sonraíochtaí feidhmiúla VIES |
| pointí faisnéise dá dtagraítear in (e), (f) d'Airteagal 17(1), (faisnéis chustaim atá ábhartha do rialuithe CBL tráth an allmhairithe, allmhairí | Airteagal 49a(1), Airteagal 49b(1) | I gcomhréir leis an bhformáid chaighdeánaithe choiteann a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) |

| | | |
|---|---|---|
| atá díolmhaithe ó CBL, allmhairí IIFA) | | Uimh. 79/2012 ón gCoimisiún[38] |
| pointí faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 24b(3) (faisnéis faoi íocaíochtaí — CESOP) | Airteagal 49a(1), Airteagal 49b(1) | I gcomhréir leis an bhformáid chaighdeánaithe choiteann a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1504 ón gCoimisiún[39] |

**Sreafaí Sonraí**

| **Cineál sonraí** | **Tagairt/tagairtí don cheanglas/do na ceanglais** | **Gníomhaí a sholáthraíonn na sonraí** | **Gníomhaí a fhaigheann na sonraí** | **Truicear don mhalartú sonraí** | **Minicíocht (más infheidhme)** |
|---|---|---|---|---|---|
| aon fhaisnéis maidir le calaois CBL trasteorann | Airteagal 36 | Eurofisc | OIPE, OLAF | Spontáineach nó arna iarraidh sin | N/B |
| pointí faisnéise dá dtagraítear in (a)-(c) d'Airteagal 17(1) (idirbhearta laistigh den Chomhphobal — VIES) | Airteagal 49a, 49b | Na Ballstáit | OIPE, OLAF | Spontáineach | N/B |
| pointí faisnéise dá dtagraítear in (e), (f) d'Airteagal 17(1), (faisnéis chustaim atá ábhartha do rialuithe CBL tráth an allmhairithe, allmhairí atá | Airteagal 49a, 49b | Na Ballstáit | OIPE, OLAF | Spontáineach | N/B |

38 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2012 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha (*IO L 29, 1.2.2012, lgh. 13–32*)

39 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1504 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lárchóras leictreonach faisnéise íocaíochta (CESOP) a chruthú chun calaois CBL a chomhrac (*IO L 235, 12.9.2022, lch. 19–27*)

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| díolmhaithe ó CBL, allmhairí IIFA) | | | | | |
| pointí faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 24b(3) (faisnéis faoi íocaíochtaí — CESOP) | Airteagal 49a, 49b | Na Ballstáit | OIPE, OLAF | Spontáineac h | N/B |

### 4.3. Réitigh dhigiteacha

Is éard atá i gceist leis an réiteach digiteach rochtain ar chórais reatha an Aontais a bhaineann le CBL a leathnú do OLAF agus do OIPE, gan cinn nua a chruthú. Tá trí phríomh-chomhpháirt ann:

- Nascacht líonra shlán a áirithiú idir OLAF/OIPE agus na córais ábhartha ar leibhéal an Aontais (tuarascálacha faireachais VIES, IIFA, CESOP, TNA, CP42);
- Modúil bogearraí atá ann cheana a oiriúnú, go háirithe maidir le bainistiú ceart rochtana, soláthar úsáideoirí, agus logáil iniúchóireachta;
- Tuarascálacha agus tuairimí tiomnaithe a fhorbairt in CESOP agus TNA, a bheidh curtha in oiriúint do OLAF agus OIPE, agus prionsabail cosanta sonraí agus teorannaithe rochtana á n-urramú ag an am céanna.

Cuireann an réiteach spriocdhírithe sin leis an tsamhail bhonneagair agus rialachais atá ann faoi láthair, rud a íoslaghdaíonn castacht agus a áirithíonn éifeachtacht oibríochtúil ag an am céanna.

| Réiteach digiteach | Tagairt/tagairtí don cheanglas/do na ceanglais | Príomhfheidhmiúlachtaí sainordaithe | An comhlacht atá freagrach | Conas a dhéantar freastal ar inrochtaineacht? | Conas a chuirtear ath-inúsáidteacht san áireamh? | Úsáid theicneolaíochtaí IS (más infheidhme) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Uirlisí TF a úsáideann Eurofisc cheana féin | Airteagal 36 | Malartú faisnéise (spontáineach nó arna iarraidh sin) | Eurofisc | Cleachtais Eurofisc a athúsáid | Athúsáidfear na huirlisí atá ann cheana | NÍL |
| VIES | Airteagal 49 a(1)<br>Airteagal 49 b(1) | Rochtain ar fhaisnéis | Na Ballstáit / an Coimisiún | Glacann an Coimisiún gníomh cur chun feidhme | Athúsáidfear na huirlisí atá ann cheana | NÍL |
| FAIREACHAS | Airteagal 49 a(1)<br>Airteagal 49 b(1) | Rochtain ar fhaisnéis | Na Ballstáit / an Coimisiún | Glacann an Coimisiún gníomh cur chun feidhme | Athúsáidfear na huirlisí atá ann cheana | NÍL |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| CESOP | Airteagal 49 a(1)<br><br>Airteagal 49 b(1) | Rochtain ar fhaisnéis | Na Ballstáit / an Coimisiún | Glacann an Coimisiún gníomh cur chun feidhme | Athúsáidfear na huirlisí atá ann cheana | NÍL |

| **Beartas digiteach agus/nó earnálach (nuair is infheidhme iad sin)** | **Míniú ar an gcaoi a n-ailíníonn sé** |
|---|---|
| ***An Gníomh um an Intleacht Shaorga (Gníomh IS)*** | Ní bhaineann le hábhar |
| ***Creat Cibearshlándála an Aontais*** | Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725, áiritheoidh na Ballstáit, OLAF agus OIPE slándáil, sláine, barántúlacht agus rúndacht na sonraí a mhalartaítear.<br><br>Tabharfar tuilleadh sonraí ar ghnéithe slándála sna gníomhartha cur chun feidhme agus sna sonraíochtaí. |
| ***eIDAS*** | Ní bhaineann le hábhar |
| ***Tairseach Aonair Dhigiteach agus IMI*** | Ní bhaineann le hábhar |
| ***Eile*** | // |

### *4.4. Measúnú idir-inoibritheachta*

Cé gur príomhphrionsabal i mbeartas digiteach an Aontais í an idir-inoibritheacht, tá a chur i bhfeidhm teoranta sa tionscadal sin. Ní bhaineann an tionscnamh le córais nua a thógáil ná formáidí nua malartaithe sonraí a fhorbairt. Ina ionad sin, is éard atá i gceist leis rochtain a thabhairt ar thacair sonraí atá ann cheana (VIES, IIFA, CESOP, CP42, TNA) d’eintitis bhreise—is é sin OLAF agus OIPE — laistigh de na creataí teicniúla atá ann faoi láthair. Dá réir sin, níltear ag súil le haon bhearna idir-inoibritheachta, ar choinníoll go gcomhtháthaítear na heintitis sin i mbainistiú rochtana agus i bprótacail slándála na n-ardán féin atá ann cheana. Dá bhrí sin, ba cheart díriú ar sholáthar rochtana, ar logáil agus ar údarú atá slán, seachas ar chumarsáid idirchórais nó ar chaighdeánú sonraí.

### 4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Cé nach n-éilítear leis an tionscadal go gcruthófaí córais TF nua, tá gá le bearta teicniúla

| |
|---|
| agus oibríochtúla áirithe chun rochtain shlán agus éifeachtach a chumasú do OLAF agus do OIPE. Áirítear orthu sin nascacht líonra ag a bhfuil ardáin ábhartha an Aontais a áirithiú, comhpháirteanna bogearraí atá ann cheana a oiriúnú (e.g. modúil rialaithe rochtana nó comhéadain úsáideora), agus úsáideoirí údaraithe a ionduchtú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tacaíocht agus oiliúint chun úsáid iomchuí na n-uirlisí a áirithiú. Ba cheart na bearta sin a bheith teoranta fós ó thaobh raon feidhme de agus na creataí bonneagair agus slándála atá i bhfeidhm cheana a ghiaráil. |

| **Tuairisc ar an mbeart** | **Tagairt/tagairtí don cheanglas/do na ceanglais** | **Ról an Choimisiúin**<br>(más infheidhme) | **Gníomhaithe le bheith páirteach**<br>(más infheidhme) | **An amlíne a bhfuil coinne léi**<br>(más infheidhme) |
|---|---|---|---|---|
| Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar mionsonraí teicniúla agus na socruithe praiticiúla chun daoine a bhfuil rochtain acu ar an bhfaisnéis a shainaithint | Airteagail 49a, 49b | Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha den sórt sin | Na Ballstáit; OIPE, OLAF | // |
| Nós imeachta coiste | *Airteagal 58* | Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. | Coiste SCAC | // |